



# Ollscoil Má Nuad Maynooth University

## Roinn na Nua-Ghaeilge Léachtóir/Léachtóir Cúnta

### An Ról

Tá Ollscoil Má Nua tiomanta do straitéis ina ndéantar príomhspricanna na hOllscoile maidir le taighde agus scoláireacht den scoth agus oideachas den scoth a idirnascadh agus ina léirítear an meas céanna ar an dá ghné.

Tá scoláire á lorg againn a thiocfaidh isteach san fhoireann mar Léachtóir sa Nua-Ghaeilge. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil saineolas acu ar litríocht an 20ú haois agus ar an litríocht chomhaimseartha agus a bhfuil a bhfuil cur amach scolártha acu ar réimse léinn amháin eile, ar a laghad, de réimsí léinn na Nua-Ghaeilge. Beidh ag an té a cheapfar Gaeilge labhartha agus scríofa den scoth agus taifead cruthaithe de theagasc, taighde agus foilsíú, a bheidh ag teacht le céim forbartha na gairme. Beifear ag súil go gcuideoidh sé/sí go mór le clár teagaisc na Roinne agus go rachaidh sé/sí i mbun dualgas teagaisc ar chlár fochéime agus iarchéime na Roinne.

Beifear ag súil le go bhforbróidh an té a cheapfar próifíl láidir taighde, ina dtacófar le straitéis na hOllscoile lena n-áirítear cleamhnú le hinstiúidí taighde, nuair is cuí, agus dul i mbun oibre le comhghleacaithe ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta. Beifear ag súil le go rachaidh an té a cheapfar i mbun taighde, go mbeidh an duine sin ag gabháil do scoláireacht shubstantiúil ar ardchaighdeán agus go mbeidh sé/sí in ann foilseacháin ar chaighdeán idirnáisiúnta a ghiniúint.

### Príomhdhualgais

#### Teagasc:

Is é an Ceann Roinne a shainíonn dualgais teagaisc fochéime agus iarchéime. Áireofar ar na dualgais:

- Mic léinn fochéime a theagasc agus a mheasúnú. Is féidir go n-áireofar air seo léachtaí a thabhairt, ranganna teagaisc, dul i gceannas ar ghníomhaíochtaí praiticiúla foghlama, agus measúnachtaí a leagan amach, a mhaoirsiú agus a ghrádú;
- Mic léinn iarchéime a theagasc agus a mheasúnú, lena n-áirítear léachtaí a thabhairt, dul i gceannas ar sheimineáir agus ar ghníomhaíochtaí foghlama eile, agus measúnachtaí a leagan amach, a mhaoirsiú agus a ghrádú;
- An cleachtas teagaisc agus measúnachta a fheabhsú agus a nuáil;
- Cuidiú chun caighdeán an teagaisc a dhearbhu agus a fheabhsú;
- Gníomhaíochtaí for-rochtana agus tionscnaimh agus mic léinn fochéime agus iarchéime a earcú agus a roghnú;
- An curaclam a fhorbairt agus a fheabhsú.



## Taighde agus scoláireacht:

Cuid riachtanach den ghairmré acadúil is ea próifíl taighde agus scoláireachta a fhorbairt. Áireofar air sin:

- Dul i mbun taighde agus gabháil le scoláireacht ardchaighdeán shubstaintiúil sa disciplín;
- Aimsiú ioncam seachtrach taighde nó áiseanna le tacú le cúrsaí scoláireachta de réir mar is gá;
- Taighde agus torthaí scolártha a scaipeadh ar na slite seo a leanas: foilseacháin phiarmheasúnaithe; cur i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta; tuarascálacha gairmiúla a réiteach; tráchtálú; nó modhanna cuí eile;
- Cleamhnú le hInstitiúid Taighde Ollscoile, nuair is cuí;
- Cumas taighde a fhorbairt;
- Naisc a chothú le hinstitiúidí eile a rachaidh chun sochair don taighde agus don teagasc ag Ollscoil Mhá Nuad;
- An taighde a lánpháirtiú sa churaclam teagaisc;
- Ag stiúradh mic léinn taighde agus comhaltaí iardhochtúireachta.

## Seirbhís:

Tá tábhacht mhór ag baint le baill na foirne acadúla ó thaobh cuspóirí straitéiseacha na hOllscoile a bhaint amach, agus dá réir sin is gá dóibh dul i mbun oibre a chomhlíonann riachtanais straitéiseacha comhchoiteanna na hOllscoile. D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Dualgais riaracháin agus dualgais eile;
- Ag treorú nó ag cur le tionscadail agus le tionscnaimh straitéiseacha
- Cuidiú le hidirnáisiúnta na hollscoile;
- Gníomhaíochtaí for-rochtana agus rannpháirtíochta;
- Dul i mbun oibre le comhpháirtithe seachtracha;
- Gníomhaíochtaí chun an Ollscoil a chur chun cinn go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta;
- Aon dualgais eile a chomhlíonadh laistigh de raon feidhme, spiorad agus cuspóir phost acadúil in Ollscoil Mhá Nuad.

## Dualgais riaracháin agus dualgais eile:

Áireofar air sin:

- Dul i mbun tascanna riaracháin laistigh den Roinn, Scoil, Dámh nó Ollscoil faoi mar a iarrann agus mar a shainíonn an Ceann Scoile/Ábhair, an Déan nó an tUachtarán;
- Seirbhís a dhéanamh ar choistí Roinne, Scoile, Dámhe, Institiúide agus Ollscoile, mar is cuí;
- Freastal ar chúrsaí agus a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí eile a bhaineann le forbairt ghairmiúil, mar is cuí;
- Gach ceann de bheartais na hOllscoile a chomhlíonadh.

## Beidh ag an iarrthóir is oiriúnaí:

- Dochtúireacht sa Nua-Ghaeilge;
- Gaeilge labhartha agus scríofa den scoth;
- Taifead láidir acadúil sa teagasc agus sa taighde;
- Taifead obair scolártha agus foilseacháin ar cháilíocht idirnáisiúnta, ag léiriú cumas chun bheith ina rannpháirtí suntasach sa ghort;
- Taithí ar theagasc fochéime agus iarchéime, ar fhorbairt clár agus ar nuáil acadúil agus tiomantas léirithe ina leith siúd;

- Taithí ar stiúradh mic léinn taighde iarchéime;
- Taithí ar dhul i mbun oibre i socrúchán idirdhisciplíneach agus tiomantas ina leith;
- Dea-scileanna riaracháin, obair bhuíne agus cumarsáide.

## An Ollscoil

Is ceann de cheithre cinn de chomhcholáistí Ollscoil na hÉireann í Ollscoil Mhá Nuad, agus in 2017 ainmníodh í i measc an 100 ollscoil is fearr ar domhan ar ollscoileanna iad atá níos lú ná 50 bliain ar an bhfód, de réir Rangú Domhanda ar Ollscoileanna a rinne Times Higher Education. Bunaíodh Ollscoil Mhá Nuad go foirmiúil mar ollscoil fhéinrialaitheach in 1997 ach is amhlaidh a théann stair na hollscoile siar chomh fada le bunú Choláiste Ríoga Naomh Pádraig in 1795 agus faigheann sí inspioráid ó oidhreacht a chuimsíonn breis agus 200 bliain d'oideachas agus de scoláireacht. Tá sí suite i mbaile ollscoile Mhaigh Nuad, 25 ciliméadar taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, príomhchathair na hÉireann.

Is institiúid nua-aimseartha í an Ollscoil atá fuinniúil, teoraithe ag an taighde, gníomhach, agus fréamhaithe i dtraidisiúin an oideachais liobráligh. Agus níos mó ná 12,000 mac léinn aici, tá Ollscoil Mhá Nuad ar an ollscoil is mó fás in Éirinn. Mar sin féin, tá cultúr coláisteach campais fós againn, rud a chabhraíonn linn go háirithe saineolas suntasach idirdhisciplíneach a chur i bhfeidhm agus muid ag plé le cuid de na dúshlán is bunúsaí atá le sárú ag sochaí an lae inniu. Tá próifíl shainiúil dhisciplíneach ag Ollscoil Mhá Nuad i gcomparáid le hinstitiúidí eile in Éirinn agus láidreachtaí taighde agus teagaisc aici sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta, san eolaíocht, san innealtóireacht leictreonach, sa ghnó, sa dlí agus in oideachas múinteoirí. Tá institiúidí agus ionaid mhóra taighde ag an Ollscoil sna daonnachtaí, eolaíochtaí sóisialta, matamaitic, ríomhaireacht agus cumarsáid, sláinte dhaonna, gnó agus nuáil seirbhísí, athrú aeráide agus geoiríomhaireacht.

Faoi *Plean Straitéiseach na hOllscoile 2012-17*, tá an Ollscoil tar éis a cumas agus a cáil taighde a ardú, a curaclam fochéime a athrú as éadan, clárúcháin iarchéime a mhéadú agus í féin a dhéanamh níos idirnáisiúnta, níos éagsúla agus níos gníomhaí. Cuireann Ollscoil Mhá Nuad go sonraitheach agus go suntasach lenár gcóras náisiúnta oideachais, rud is léir don saol mór.

Tá an Ollscoil anois ag cur tús le tréimhse úr spreagúil le forbairt *Plean Straitéiseach na hOllscoile 2018-22* agus fis aici clú Ollscoil Mhá Nuad a dhaingniú mar "*ollscoil a aithnítear as sártheagasc, taighde den scoth, dearcadh domhanda, gníomhú éifeachtach leis an tsochaí a mbíimid ag freastal uirthi, chomh maith lenár gcur chuige dearscnaitheach i dtaobh na ndúshlán a bhaineann le hardoideachas na linne seo.*"

Tógann *Straitéis na hOllscoile 2018-22* ar an méid atá bainte amach go dtí seo againn, agus díritear fuinneamh institiúideach agus acmhainní ar fhorbairt bhreise a dhéanamh ar thaighde agus ar oideachas iarchéime. Díritear ar na nithe seo a leanas sa straitéis:

- infheistíocht spriocdhírthe i gcumas taighde i roinnt réimsí tosaíochta;
- cur leis an bpunann iarchéime agus an pobal iarchéime a fhás;
- na buntáistí iomlána a bhaint as an gcuraclam fochéime nuálach atá againn;
- cur le heispéireas na mac léinn;
- idirnáisiúnú cuimsitheach agus eiticíúil;
- comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus ilchultúrachas mar
- chumasóirí ardchaighdeán léinn

Na gealltanais a thugaimid i dtaca le hinfheistíocht a dhéanamh i ndaoine i dtús báire agus deiseanna a chur ar fáil dóibh chun forbairt agus fás a dhéanamh agus chomh maith leis sin infheistíocht a dhéanamh sna córais agus sa bhonneagar a theastaíonn chun ár gcuispóirí léinn agus oideachais a bhaint amach, is gealltanais iad sin a chuireann taca faoinár spriocanna straitéiseacha.

## Dámh agus Institiúidí Taighde

Tá Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta comhdhéanta de Ranna na Sean-Chlasaicí, na Staire, an Cheoil, na Fealsúnachta, Scoil an Léinn Cheiltigh, Scoil na Nua-theangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, Scoil an Bhéarla, Staidéar Meán agus Amharclainne agus an institiúid taighde, an Institiúid Ealaíon agus Daonnachtaí. Is é ról na Dáimhe comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí acadúla na rann éagsúil, maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach na rann agus tacú le clár idir-rannacha. Tá roinnt institiúidí idirdhisciplíneacha ceaptha ag an Ollscoil chun tacú le taighde den scoth agus chun cumas taighde a fhorbairt sna disciplíní ar fad.

## An Roinn

Is cuid de Scoil an Léinn Cheiltigh Roinn na Nua-Ghaeilge. Tá ochtar d'fhoireann acadúil lánaimseartha sa Roinn mar aon le roinnt léachtóirí agus teagascóirí páirtaimseartha agus tairgeann sí céimeanna fochéime agus iarchéime i dtimpeallacht fhuinniúil foghlama, bunaithe ar a neart taighde sa teanga agus sa litríocht.

## Roghnú agus Ceapadh

- Ní thabharfar cuireadh chun agallaimh ach d'iarrthóirí a n-éireoidh leo an gearrliosta a bhaint amach;
- Beidh ar na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh cur i láthair gairid a dhéanamh;
- Ceadóidh an tUachtarán ceapacháin bunaithe ar thuairisc an bhoird roghnúcháin;
- Tá sé i gceist na hagallaimh a bheith ar siúl sa tseachtain **10-14 Meitheamh 2019**.
- Táthar ag súil go mbeidh feidhm leis an gceapachán ón 1 Meán Fómhair 2019.

## Téarmaí agus coinníollacha

Ar leibhéal an Léachtóra a dhéanfar an ceapachán seo, agus dhá cheann de ghráid atá ann: Léachtóir agus Léachtóir Cúnta. Ní mór don iarrthóir is oiriúnaí taifead láidir taighde, foilseachán, teagasc agus ceannaireacht acadúil a bheith aige/aici le go gceapfaí é/í ar leibhéal Léachtóra.

Déanfaidh an Ollscoil ceapachán buan sa chás go bhfuil taifead bunaithe sa taighde agus sa teagasc ag an iarrthóir is fearr; sa chás gur le leas na hOllscoile é is féidir go líonfar an post ar bhonn conradh ar théarma seasta.

## Dlí Cosanta Sonraí

Déanfaidh Ollscoil Mhá Nuad próiseáil ar shonraí pearsanta a thugann tú mar chuid d'iarratas ar an ról seo de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 2018.

Má éiríonn le d'iarratas agus má ghlacann tú le tairiscint fostaíochta ag Ollscoil Mhá Nuad, leanfar de phróiseáil do shonraí pearsanta de réir Fhógra Príobháideachais Sonraí Foirne Ollscoil Mhá Nuad.

Is féidir na fógraí príobháideachais agus tuilleadh eolais a bhaineann le cosaint sonraí, ar a n-áirítear polasaithe agus próisis eile um chosaint sonraí Ollscoil Mhá Nuad, a fheiceáil ag <https://www.maynoothuniversity.ie/data-protection>

## Tuarastal

Léachtóir (Post 1995\*): €52,849 – €83,090 p.a. (7 bpointe)  
Léachtóir Cúnta (2013\*): €33,479 – €58,761 p.a. (14 phointe)

Déanfar an ceapachán de réir threoirínite pá na Roinne Airgeadais.

\*Ceapfar iontrálaithe nua san earnáil phoiblí ar an gcéad phointe de scála pá an Léachtóra Cúnta (2013) nó an Léachtóra (Post 1995).

## Nós imeachta iarratais

### Dáta deiridh:

23:30 (am na hÉireann) **Domhnach 26 Bealtaine 2019.**

Ní mór iarratais a dhéanamh ar an bpost trínár **dTairseach Earcaíochta ar Líne** ag an nasc seo a leanas:

<https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/vacancies>

Caithfear iarratais a chur isteach faoin dáta deiridh agus faoin am a shonraítear thuas. Cealóidh an córas go huathoibríoch iarratais atá fós idir lámha ag an am deiridh ar an dáta deiridh sonraithe.

Ní ghlacfar le hiarratais mhalla.

**Is fostóir comhionannas deiseanna é Ollscoil Mhá Nuad**

**Tá an post seo faoi réir Reachtanna na hOllscoile**

